| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | An Beartas um Meantóireacht do Mhic Léinn ar Shocrúcháin Scoile |
| **Cur Síos:** | Is é cuspóir an bheartais seo chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do mhic léinn a dtiteann a ngráid ar shocrúcháin scoile faoi 49% d'fhonn riachtanais ghairmiúla agus acadúla a gcúrsa a chomhlíonadh |
| **Údar (Post):** | An Déan Oideachais: Beartas agus Cleachtas |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Comhlacht Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# An Beartas um Meantóireacht do Mhic Léinn ar Shocrúcháin Scoile

## 1 Comhthéacs

1.1 Is comhpháirt éigeantach é an Socrúchán Scoile de chúrsaí an Bhaitsiléara Oideachais (Bunoideachas) agus na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas (Bunoideachas). Éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta (2017) ar mhic léinn chun 30 seachtaine a chaitheamh ar shocrúchán scoile ar chúrsa an Bhaitsiléara Oideachais (Bunoideachas) agus 24 seachtaine a chaitheamh ar chúrsa na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas (Bunoideachas).

1.2 Déantar measúnú ar mhic léinn i réimsí na Pleanála & Ullmhúcháin agus Teagaisc & Foghlama.

1.3 Tá sé éigeantach maidir le mic léinn a dtiteann a gcuid marcanna ar shocrúchán scoile go dtí 49% nó níos lú ná sin i bPleanáil & Ullmhúchán nó Teagasc & Foghlaim páirt a ghlacadh sa Chlár Meantóireachta.

## 2 Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do mhic léinn a dtiteann a ngráid ar shocrúcháin scoile faoi 49% d'fhonn riachtanais ghairmiúla agus acadúla a gcúrsa a chomhlíonadh

## 3 Tairbhí

3.1 Chun tacú le mic léinn arna sainaithint i raon de bhunscileanna teagaisc lena gcuirfear ar chumas na mac léinn teagasc níos éifeachtaí a sheachadadh.

3.2 Chun deis a chur ar fáil don mhac léinn, trí chóras tacaíochta na meantóireachta, machnamh a dhéanamh ar na bunscileanna teagaisc.

3.3 Chun deis a chur ar fáil le haghaidh na bunscileanna sin a chleachtadh agus le haghaidh aiseolas a sholáthar trí phlé leis an meantóir.

3.4 Chun an mac léinn a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas teagaisc/foghlama mar ghníomhaíocht chasta.

3.5 Chun tacaíocht a sholáthar trí na bunscileanna sin a mhionléiriú, a mhíniú agus a 'thaispeáint'.

## 4 Raon Feidhme

Is comhpháirt éigeantach é an Socrúchán Scoile de chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí. Tá meantóireacht ar fáil do gach mac léinn a iarrann tacaíocht; ach tá sé éigeantach, áfach, maidir le mic léinn a bhfuil deacrachtaí acu nó a fhaigheann marc de 49% nó níos lú go nglacann siad páirt sa tacaíocht um meantóireacht struchtúrach a chuireann IOM ar fáil.

## 5 Prionsabail

5.1 Níl a leithéid de rud ann agus an phearsantacht teagaisc idéalach.

5.2 Baineann a stór scileanna féin le teagasc

5.3 Is féidir roinnt de na scileanna sin a leithlisiú, a thaispeáint agus cur síos a dhéanamh orthu.

5.4 Is féidir roinnt de na scileanna sin a ghnóthú, a fheabhsú agus a mhionsaothrú trí staidéar, trí chleachtas agus trí mheastóireacht.

## 6 Sainmhínithe

6.1 Tá gluais de shainmhínithe a bhaineann le socrúchán scoile curtha ar fail ag an gComhairle Mhúinteoireachta (2013, lgh. 6-7).

6.2 **Áirítear na nithe a leanas le scileanna teagaisc:**

6.2.1 Admháil gur comhpháirt bhunúsach é eolas d'oiliúint múinteoirí agus go gcuirtear taca faoi chleachtas sa scoil ag eolas agus ag tuiscint ar ábhar churaclam na bunscoile agus ar phrionsabail na foghlama; gur féidir leis an mac léinn eolas oideolaíoch, ábhair agus teanga (Béarla agus Gaeilge) iomchuí a thaispeáint

6.2.2 Scileanna Breathnóireachta e.g. an cumas chun breathnóireacht agus machnamh a dhéanamh 'le linn an taisc' maidir leis na nithe a leanas: stíleanna foghlama agus rátaí foghlama na bpáistí; cineálacha cur chuige an mhúinteora ranga maidir le teagasc agus foghlaim agus cineálacha cur chuige um bainistíocht an ranga; castachtaí de bhainistíocht an ranga agus iarmhairt na cinnteoireachta ag pointí criticiúla; agus chun iad a chumasú na próisis

teagaisc agus foghlama iomchuí a shainaithint d'aoisghrúpaí éagsúla.

6.2.3 Scileanna Cleachtais e.g. úsáid na sainréime teanga iomchuí, bunrudaí na straitéisí teagaisc éifeachtacha, etc.

6.2.4 Scileanna Measúnaithe e.g. conas a bheith níos anailísí, an raibh na cineálacha cur chuige a glacadh agus an t-ábhar a seachadadh iomchuí don aois? An raibh treoracha soiléir agus ábhartha? An raibh na páistí ina rannpháirtithe gafa agus gníomhacha?

6.2.5 Scileanna a Mhionsaothrú e.g. chun a bheith ann scileanna sainiúla a 'ainmniú' agus céimeanna incriminteacha i dtreo mionsaothraithe a phlé.

6.2.6 Féin-éifeachtúlacht ar thaobh an mhúinteora faoi oiliúint e.g. rannpháirtíocht an mhic léinn sa Chlár Meantóireachta agus sa socrúchán scoile a uasmhéadú.

6.3 **I measc na Scileanna Sainiúla Faoina dTugtar tá na nithe a leanas:**

6.3.1 Cumarsáid Neamhbhriathartha agus Cumarsáid Nach Labhraítear:

i. Beocht an Mhúinteora;
ii. Gluaiseacht an Mhúinteora;
iii. Breathnú sa tSúl;
iv. Guth an Mhúinteora;
v. Athrú Spreagthaí;
vi. Ciúnas an Mhúinteora.

6.3.2 Réamheolas agus Clabhsúr.

i. Chun a bheith in ann cur síos a dhéanamh go mion ar réamheolas agus ar chlabhsúr;
ii. Measúnú a dhéanamh agus aiseolas a sholáthar.

6.3.3 Míniúcháin agus Míniú.

i. Chun gnéithe éagsúla míniúchán agus mínithe a phlé;
ii. Chun cur síos ar ghnéithe príomhúla míniúchán 'maith';
iii. Chun díriú ar mhíniú coincheapa/ábhair de rogha an mhic léinn, agus é a chur i láthair, a phlé agus a mheasúnú.

6.4 **Ceisteanna agus Ceistiú:**

6.4.1 Múinteoirí agus Ceistiú

6.4.2 Ceisteanna Oscailte/Dúnta agus Freagairtí ar Cheisteanna Oscailte/Dúnta

6.4.3 Teicnící Ceistithe

6.4.4 Ceistiú agus Breathnú sa tSúl

6.4.5 Dáileadh Ceisteanna

6.4.6 Ceistiú: Foclóir, Soiléire agus Líofacht

6.4.7 Ceistiú agus Uainiú

6.5 **Atmaisféar an tSeomra Ranga, an Ceacht Ranga Éifeachtach**

6.5.1 Chun fachtóirí éagsúla a phlé trína gcuirtear le ceacht ranga éifeachtach

6.5.2 Chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla d'úsáid iomchuí treisithe dhearfaigh agus dhiúltaigh

6.5.3 Chun an gá le hathrú i luas sheachadadh an cheachta a phlé

6.5.4 Chun ról an ghrinn i gcomhthéacs an ranga a chur in iúl

6.5.5 Chun freagrachtaí an mhúinteora a phlé i gcomhthéacs múinteoireacht cumais mheasctha

6.5.6 Chun ceacht a ullmhú agus a sholáthar ar ábhar de rogha an mhic léinn

6.5.7 Saincheisteanna um bainistíocht an tseomra ranga a phlé

6.6 **Róil a shoiléiriú: Teagascóir Socrúcháin[1]& Meantóir[2]**

6.6.1 Tugann teagascóirí socrúcháin cuairt ar an mac léinn, soláthraíonn siad aiseolas foirmitheach dó/dí agus déanann siad é/í a mheasúnú. Is ar an teagascóir socrúcháin nó ar na teagascóirí socrúcháin amháin atá an fhreagracht as measúnú agus as grádú.

6.6.2 Is dhá ról ar leith agus éagsúil iad.

6.6.3 Níl aon ról ag an meantóir maidir le hullmhúchán
nó feidhmíocht an mhic léinn le linn an chleachtaidh a mheasúnú.

6.6.4 Is féidir le meantóirí comhad socrúcháin scoile an mhic léinn a rochtain chun faisnéis a fháil maidir leis na réimsí lena bhfuil deacracht ag an mac léinn chun cuidiú leo an obair dá chuid/cuid atá le teacht a dhíriú.

6.6.5 Ní dhéanann an meantóir ná an mac léinn aon trácht maidir le foirm mheasúnaithe an tsocrúcháin scoile agus ní dhéanann siad í a phlé.

---

[1] Beartas an Chórais Teagascóirí agusNós Imeachta an Chórais Teagascóirí
2Beartas Meantóireachta do Mhic Léinn ar Shocrúchán Scoile

6.6.6 Déanann an meantóir idirghabháil leis an Teagascóir Socrúcháin agus comhordaíonn sé/sí sceideal na gcuairteanna leis/léi.

# 7 Beartas

7.1 Eiseoidh Oifig na Socrúchán Scoile litreacha go leictreonach do na mic léinn shainaitheanta uile roimh thréimhse an tsocrúcháin trí chuntais ríomhphoist IOM na mac léinn.

7.2 Tabharfar cuireadh do na mic léinn chun buaileadh le baill fhoireann na Socrúchán Scoile roimh an socrúchán scoile. Tá sé éigeantach maidir le mic léinn a roghnaítear don chlár meantóireachta go mbuaileann siad ar bhonn duine le duine lena meantóir ainmnithe roimh an socrúchán scoile. Éilítear ar mheantóirí rúndacht ar líne a choimeád ar aon dul le Reachtaíocht um Chosaint Sonraí, 2018.

7.3 Déanann mic léinn foirm um Próifíl Féin-mheasúnaithe Thosaigh a thabhairt leo chuig an gcruinniú sin chun an meantóir agus an mac léinn a chumasú roinnt bheag réimsí a chomhaontú lena mbaineann imní shainiúil a bheidh ina bhfócas de na cuairteanna meantóireachta

7.4 . Déanfaidh Oifig na Socrúchán Scoile teagmháil leis an bpríomhoide scoile roimh an tseachtain ullmhúcháin chun a mhíniú go bhféadfadh sé go dtabharfar dhá chuairt thacúla ar mhic léinn áirithe, nach ndéanfar a mheasúnú, sa bhreis ar an dá chuairt ar a ndéanfar measúnú agus chun a iarraidh go gcoimeádtar rúndacht ar aon dul le Reachtaíocht um Chosaint Sonraí, 2018.

Is é cuspóir na gcuairteanna breise chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do mhic léinn d'fhonn riachtanais ghairmiúla agus acadúla a gcúrsa a chomhlíonadh.

7.5 Caithfidh an meantóir tréimhse uasta de dhá uair ar chuairt mheantóireachta. Roinnfear í sin idir breathnóireacht agus aiseolas faoi lán rogha an mheantóra, bunaithe ar riachtanais aonair gach mic léinn.

7.6 Comhlánóidh an meantóir an fhoirm mheantóireachta i ndúblach ag deireadh gach cuairte agus gheobhaidh an mac léinn cóip di sin.

[3] Tá rochtain ar an bhFoirm um Thuairisc Chomhairleora ag úsáideoirí cláraithe ardán Moodle

7.7 Ag deireadh na dara cuairte, tabharfaidh an meantóir Foirm ghlan um Thuairisc Chomhairleora don mhac léinn[3]. Is féidir le mic léinn an fhoirm ghlan a rochtain freisin trí

[4] Tá rochtain ar an bhFoirm um Thuairisc Chomhairleora ag úsáideoirí cláraithe ardán Moodle

chuntais Moodle IOM dá gcuid. Comhlánóidh an mac léinn a chuid/cuid féin den fhoirm roimh an gcruinniú deireanach leis an meantóir.

7.8 Le linn na chéad seachtaine tar éis an tsocrúcháin scoile beidh cruinniú athbhreithnithe gairid éigeantach ag an meantóir agus an mac léinn. Socrófar an dáta don chruinniú sin ag deireadh na dara cuairte ón meantóir. Ag an gcruinniú sin comhlánófar na codanna eile den Fhoirm um Thuairisc Chomhairleora[4] i gcomhairle leis an mac léinn.

7.9 Tar éis an phróisis mheantóireachta tabharfar cuireadh do mhic léinn chun ceistneoir gairid a chomhlánú atá deartha chun faisnéis a bhailiú lena bhfeabhsófar an clár do na blianta le teacht.

## 8 Freagracht

Is ag an Déan Oideachais atá an fhreagracht fhoriomlán as an mbeartas sin: Beartas agus Cleachtas.

## 9 Cáipéisí Gaolmhara

9.1 Treoirlínte na Comhairle Múinteoireachta maidir le Socrúchán Scoile (2013)

9.2 Oiliúint Tosaigh Múinteoirí na Comhairle Múinteoireachta: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár (2017)

9.3 Cead chun Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Chomhroinnt

9.3 Beartas an Chórais Teagascóirí

9.4 Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí

9.5 Beartas Meantóireachta do Mhic Léinn ar Shocrúchán Scoile

9.6 An Fhoirm um Thuairisc Chomhairleora[4]

[4] Tá rochtain ar an bhFoirm um Thuairisc Chomhairleora ag úsáideoirí cláraithe ardán Moodle